II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1768 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Iúil 2023

lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le deimhniúchán agus dearbhú córas bainistíochta aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus comhdhamhnaí bainistíochta aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 47(1) agus 62(13),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 ceanglais choiteanna riachtanacha chun foráil a dhéanamh do leibhéal ard aonfhoirmeach sábháilteachta san eitlíocht shibhialta san Aontas agus chun a chinntiú go bhfuil sláine agus feidhmíocht sábháilteachta na gcóras agus na gcomhdhamhnaí oiriúnach don chuspóir atá beartaithe dóibh. Ba cheart oibríocht rianúil an Líonra Eorpaigh um Bainistíocht Aerthráchta (EATMN) a áirithiú le hidir-inoibritheacht na gcóras bainistíochta aerthráchta/seirbhíse aerloingseoireachta (BAT/SAL) agus na gcomhdhamhnaí BAT/SAL.

(2) Ba cheart sonraíochtaí mionsonraithe a bhunú d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na bunriachtanais; nuair is féidir, ba cheart go mbeadh na sonraíochtaí mionsonraithe sin bunaithe ar chaighdeáin tionscail aitheanta ó Eagraíochtaí Forbartha Caighdeán (SDOnna) ina gcuirtear an úrscothacht agus dea-chleachtais dearaidh san áireamh. Ba cheart féachaint do na ceanglais deimhniúchán agus dearbhuithe comhlíontachta dearaidh a eisiúint agus córais BAT/SAL agus comhdhamhnaí BAT/SAL á ndearadh agus á dtáirgeadh agus ba cheart an dearadh agus an táirgeadh a dhéanamh i gcomhréir le sonraíochtaí mionsonraithe arna n-eisiúint ag Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('an Ghníomhaireacht').

(3) Is iomchuí modhanna fianaithe difriúla a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht leis na ceanglais atá sonraithe in Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo agus le sonraíochtaí mionsonraithe córais BAT/SAL agus comhdhamhnaí BAT/SAL. Ba cheart modhanna fianaithe níos déine a úsáid i ndáil le hoibríocht shábháilte aerárthaí, agus i ndáil le trealamh atá criticiúil maidir le hidir-inoibritheacht agus slándáil EATMN.

(4) Laistigh de BAT/SAL, is iad na seirbhísí rialaithe aerthráchta (ATC) na seirbhísí is tábhachtaí i ndáil le rioscaí sábháilteachta a bhaineann le loingseoireacht aerárthaí, go háirithe ós iad a eisíonn treoracha chun spás idir aerárthaí a chinntiú agus chun imbhuailtí a sheachaint. Is ag na soláthraithe ATC atá an léargas is iomláine maidir le sábháilteacht an aerspáis. Dá réir sin, ba cheart go mbeadh an trealamh BAT/SAL is criticiúla, eadhon an trealamh a thacaíonn le ACT, faoi réir modhanna fianaithe níos déine, eadhon deimhniúchán.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch 1.

(5) Soláthraíonn trealamh BAT/SAL a thacaíonn le cumarsáid aer go talamh treoracha díreacha d'aerárthaí agus ba cheart go mbeadh sé sin faoi réir deimhniúcháin freisin.

(6) Úsáideann an ATS na seirbhísí Cumarsáide, Faireachais agus Loingseoireachta go díreach chun loingseoireacht shábháilte na n-aerárthaí a áirithiú, ach níl léargas iomlán ag na trí sheirbhís dá dtagraítear ar an trácht agus níl ról rialaithe gníomhach acu i ndáil le spás idir aerárthaí a áirithiú. Dá réir sin, níl ról chomh criticiúil céanna acu. Ba cheart go mbeadh na córais BAT/SAL agus comhdhamhnaí BAT/SAL a thacaíonn leo sin faoi réir modh fianaithe nach bhfuil chomh dian céanna, eadhon dearbhú comhlíontachta dearaidh.

(7) Ar deireadh, ba cheart go mbeadh na córais agus an trealamh BAT/SAL nach bhfuil chomh criticiúil céanna, a thacaíonn le seirbhísí meitéareolaíocha, seirbhísí faisnéise aerloingseoireachta, seirbhísí bainistíochta aerspáis agus seirbhísí bainistíochta sreafa aerthrácht, faoi réir an mhodha fianaithe is ísle déine, eadhon ráiteas comhlíontachta.

(8) Is féidir úsáid a bhaint as critéir bhreise chun cinneadh a dhéanamh maidir le criticiúlacht córais BAT/SAL agus chomhdhamhnaí BAT/SAL sa bhreis ar an rialú bainistíochta ar rioscaí sábháilteachta a dhéanann na seirbhísí agus na bhfeidhmeanna a bhfuil siad ina dtaca leo.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart trí leibhéal dhifriúla de cheanglais agus sonraíochtaí mionsonraithe a bhunú, eadhon: (i) deimhniúchán ag an nGníomhaireacht, arb é an leibhéal is déine; (ii) dearbhú ó eagraíocht cheadaithe a bhfuil baint aici le dearadh nó táirgeadh trealaimh BAT/SAL, arb é an meánleibhéal; agus (iii) ráiteas comhlíontachta ón soláthraí BAT/SAL a chomhtháthaíonn an trealamh BAT/SAL ina chóras feidhmiúil, mar atá sainithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún ([2]), nó, arna iarraidh sin don soláthraí BAT/SAL, ó eagraíocht cheadaithe a bhfuil baint aici le dearadh agus/nó táirgeadh an trealaimh BAT/SAL.

(10) i gcomhréir le hAirteagal 29(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), tá cúram curtha ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) Breis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS) a bhainistiú, lena n-áirítear saothrú EGNOS a chumhdaíonn, i measc gníomhaíochtaí eile, tacaíocht le hiarrachtaí deimhniúcháin agus caighdeánaithe.

(11) Faoi Rialachán (AE) 2021/696 tá EUSPA agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (ESA) freagrach as córas EGNOS agus a threalamh a dhearadh. Ba cheart don Ghníomhaireacht maoirseacht a dhéanamh ar dhearbhuithe comhlíontachta dearaidh a bhaineann le trealamh EGNOS de réir socruithe sonracha atá le cur i gcrích le EUSPA. Is é an aidhm atá leis na socruithe aghaidh a thabhairt ar ghnéithe teicniúla, riaracháin agus airgeadais ar nós ceanglas dul i gcomhairle le EUSPA maidir le sonraíochtaí mionsonraithe a fhorbairt; an mhaoirseacht a dhéanfaidh EASA ar dhearbhuithe maidir le comhlíontacht dearaidh chóras EGNOS; agus malartú sonraí idir an dá ghníomhaireacht maidir le Caighdeáin agus Cleachtais Mholta (SARPS) na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) a chomhlíonadh. Is é an aidhm atá leis na socruithe seo leibhéal sábháilteachta agus idir-inoibritheachta a áirithiú atá comhionann le ceanglais an Rialacháin seo.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistíochta aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta eile agus a maoirseacht, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, (AE) Uimh. 1035/2011 agus (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 (IO L 62, 8.3.2017, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

(12) I gcríocha cianda áirithe, lasmuigh de réigiún ICAO na hEorpa (EUR) mar atá sainithe in *European (EUR) Air Navigation Plan Volume I* (Doc 7754) ICAO, ina bhfuil méid tráchta íseal agus sa chás nach bhfuil teorainn ag an aerspás sin ach le haerspás a bhfuil soláthraithe BAT/SAL tríú tír freagrach as, b'fhéidir go mbeadh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm na modhanna fianaithe deimhniúcháin agus dearbhaithe comhlíontachta dearaidh le haghaidh trealamh BAT/SAL nó go mbeadh sé dodhéanta fiú mar gheall ar a riachtanais shonracha sábháilteachta agus idir-inoibritheachta. I gcásanna dá leithéid, i ndáil le trealamh BAT/SAL a úsáideann soláthraithe BAT/SAL i limistéir chianda lasmuigh de réigiún ICAO EUR, meastar gur iomchuí maolú ar na ceanglais deimhniúcháin nó dearbhaithe atá infheidhme ar an trealamh BAT/SAL sin a sholáthar. Ina ionad sin, chun foráil a dhéanamh do BAT/SAL sábháilte agus idir-inoibritheach a sholáthar, ní mór don soláthraí BAT/SAL sa réigiún sin a áirithiú go bhfuil na sonraíochtaí infheidhme á gcomhlíonadh trí ráiteas comhlíontachta a eisiúint.

(13) Tá sé riachtanach aistriú éifeachtach chuig an gcreat rialála nua a bhunaítear leis an Rialachán seo a áirithiú agus leibhéal ard aonfhoirmeach de shábháilteacht eitlíochta sibhialta san Aontas a áirithiú. Tá sé riachtanach, dá réir sin, dóthain ama a chur ar fáil do thionscal dearaidh agus monaraíochta na gcóras BAT/SAL agus na gcomhdhamhnaí BAT/SAL, agus don Ghníomhaireacht agus do lucht riaracháin na mBallstát chun iad féin a chur in oiriúint don chreat nua seo. Is iomchuí go mbeadh an trealamh BAT/SAL atá in úsáid agus a fianaíodh faoin gcreat roimhe seo á bhreithniú amhail is dá mbeadh deimhniúcháin nó dearbhuithe eisithe faoin gcreat nua i rith idirthréimhse, mura sonraíonn an Ghníomhaireacht nach n-áirithíonn a leithéid de threalamh an leibhéal sábháilteachta agus idir-inoibritheachta a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139.

(14) I rith na hidirthréimhse, i ndáil le haon chóras BAT/SAL agus aon chomhdhamhna BAT/SAL nua a chuirtear i bhfeidhm, ba cheart ráiteas comhlíontachta arna eisiúint ag an soláthraí BAT/SAL a chomhtháthaíonn é ina chóras feidhmiúil, nó, arna iarraidh sin, ag an eagraíocht dearaidh agus táirgthe a dhearann agus a mhonaraíonn é, a chur ar fáil d'údarás inniúil an tsoláthraí BAT/SAL dá dtagraítear mar a shainítear in Airteagal 4(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373.

(15) I ndiaidh na hidirthréimhse, ba cheart go mbeadh an fhreagracht aonair ar an nGníomhaireacht as deimhniúchán agus as dearbhuithe a fháil maidir le trealamh áirithe BAT/SAL; is iomchuí, dá réir sin, go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht meastóireacht ar an bhfaisnéis chomhlíontachta a cuireadh faoi bhráid na n-údarás náisiúnta faoin gcreat roimhe seo, sula nglactar lena leithéid de threalamh BAT/SAL mar chuid de shainordú na Gníomhaireachta. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis náisiúnta an fhaisnéis sin a chur ar fáil don Ghníomhaireacht. I ndiaidh don Ghníomhaireacht an mheastóireacht a dhéanamh, ba cheart glacadh leis go bhfuil deimhniú nó dearbhú comhlíontachta eisithe i ndáil leis an trealamh BAT/SAL. Ní mór an mheastóireacht a roinnt go poiblí trí chinneadh ó stiúrthóir feidhmiúcháin na Gníomhaireachta.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo bunaithe ar Thuairim Uimh. 01/2023, arna eisiúint ag Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 75(2), pointí (b) agus (c), agus Airteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leagtar síos leis an Rialachán seo ceanglais theicniúla choiteanna agus nósanna imeachta riaracháin coiteanna a bhaineann le deimhniúchán agus dearbhú comhlíontachta dearaidh na gcóras BAT/SAL agus na gcomhdhamhnaí BAT/SAL. Leagtar síos leis an Rialachán seo na rialacha síos maidir leis an méid seo a leanas:

(a) córais BAT/SAL agus comhdhamhnaí BAT/SAL a shainaithint atá faoi réir deimhniúcháin, dearbhaithe nó ráiteas comhlíontachta;

(b) deimhniúcháin a eisiúint do chórais BAT/SAL agus do chomhdhamhnaí BAT/SAL;

(c) dearbhuithe comhlíontachta dearaidh córas BAT/SAL agus comhdhamhnaí BAT/SAL a bheith á n-eisiúint ag eagraíochtaí a bhfuil baint acu le dearadh agus/nó táirgeadh córas BAT/SAL agus comhdhamhnaí BAT/SAL agus a ceadaíodh de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 ([4]) ón gCoimisiún pribhléidí a bheith acu dearbhuithe comhlíontachta dá leithéid a eisiúint;

(d) eisiúint ráiteas comhlíontachta córas BAT/SAL agus comhdhamhnaí BAT/SAL ag soláthraithe BAT/SAL arna ndeimhniú i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún nó ag eagraíochtaí arna gceadú de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 a bhfuil baint acu lena ndearadh nó lena dtáirgeadh;

(e) eisiúint treoracha maidir le trealamh BAT/SAL ag an nGníomhaireacht.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) Ciallaíonn 'trealamh BAT/SAL' comhdhamhnaí BAT/SAL mar a shainítear le hAirteagal 3(6) de Rialachán (AE) 2018/1139 agus córais BAT/SAL mar a shainmhínítear le hAirteagal 3(7) den Rialachán sin, seachas comhdhamhnaí aeriompartha, atá faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún ([5]);

(2) Ciallaíonn 'treoir maidir le trealamh BAT/SAL' doiciméad a eisíonn an Ghníomhaireacht ina sainordaítear gníomhaíochtaí atá le cur i gcrích ag soláthraithe BAT/SAL ar threalamh BAT/SAL chun aghaidh a thabhairt ar staid neamhsháibháilte agus/nó neamhshlán atá aitheanta agus feidhmíocht agus idir-inoibritheacht an trealaimh BAT/SAL sin a athbhunú i gcás inar léir ón bhfianaise go bhféadfadh sábháilteacht, slándáil, feidhmíocht nó idir-inoibritheacht an trealaimh áirithe sin a bheith i mbaol murach sin;

(3) Ciallaíonn 'An Líonra Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta' (EATMN) an bailiúchán córas, atá liostaithe i bpointe 3.1 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139, lena gcumasaítear soláthar seirbhísí aerloingseoireachta san Aontas, lena n-áirítear na comhéadain ag teorainneacha le tríú tíortha;

(4) Ciallaíonn 'córas feidhmiúil' meascán nósanna imeachta, acmhainní daonna agus trealamh, lena n-áirítear crua-earraí agus bogearraí, atá eagraithe chun feidhm ar leith a chomhlíonadh laistigh de chomhthéacs BAT/SAL agus feidhmeanna eile líonra BAT.

Airteagal 3

Údarás inniúil

1. Is í an Ghníomhaireacht an t-údarás inniúil a bheidh freagrach as deimhniúcháin a eisiúint do threalamh BAT/SAL i gcomhréir le hAirteagal 4, as glacadh le dearbhuithe comhlíontachta dearaidh trealaimh BAT/SAL arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 5, agus as an maoirseacht ar dheimhniúchán agus ar dhearbhuithe. Chuige sin, comhlíonfaidh an Ghníomhaireacht na ceanglais atá leagtha amach in Iarscríbhinn I.

2. Is é an t-údarás inniúil a bheidh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an ráiteas comhlíontachta arna eisiúint ag soláthraí BAT/SAL i gcomhréir le hAirteagal 6 an t-údarás inniúil céanna atá freagrach as deimhniúchán an tsoláthraí BAT/SAL sin agus as an maoirseacht air.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 an 12 Meán Fómhair 2023 ón gCoimisiún lena leagtar síos na ceanglais teicniúla agus na nósanna imeachta riaracháin chun eagraíochtaí a cheadú a bhfuil baint acu le dearadh nó táirgeadh córas agus comhdhamhnaí bainistíochta aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/203 (Féach leathanach 19 den Iris Oifigiúil seo.).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh aeracmhainneachta agus deimhniúcháin comhshaoil aerárthaí agus táirgí, codanna agus fearais gaolmhara, agus le haghaidh deimhniúchán eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1).

Airteagal 4

Deimhniúchán trealaimh BAT/SAL

1. Eiseofar deimhniú don trealamh BAT/SAL seo a leanas mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn II:

(a) trealamh a thacaíonn le cumarsáid rialaitheoir – píolóta;

(b) trealamh a thacaíonn le seirbhísí rialaithe aerthráchta (ATC) nuair a bhfuil spás idir aerárthaí nó cosc imbhuailtí á chumasú.

2. Is í an Ghníomhaireacht a eiseoidh an deimhniú dá dtagraítear i mír 1.

3. Eiseofar an deimhniú dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh tréimhse neamhtheoranta. Beidh sé bailiú go ceann tréimhse éiginnte seachas sa chás seo a leanas:

(a) níl ceanglais an Rialacháin seo á gcomhlíonadh ag sealbhóir an deimhniúcháin a thuilleadh; nó

(b) maidir le trealamh BAT/SAL, níl aon cheadú eagraíochta bailí eisithe ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769; nó

(c) níl a bhonn deimhniúcháin á chomhlíonadh ag an trealamh BAT/SAL níos mó i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.CERT.025 d'Iarscríbhinn II; nó

(d) tá an deimhniú géillte ag a shealbhóir nó cúlghairthe ag an nGníomhaireacht.

Nuair a ghéilltear nó nuair a chúlghairtear an deimhniú, má bhí sé eisithe ar pháipéar, seolfar ar ais chuig an nGníomhaireacht é gan mhoill.

4. De mhaolú ar mhír 1, ní cheanglófar deimhniú a eisiúint le haghaidh trealamh BAT/SAL nach bhfuil in úsáid ach amháin i gcuid theoranta d'aerspás lasmuigh de réigiún ICAO EUR ina bhfuil méid íseal tráchta, sa chás nach bhfuil teorainn ag an gcuid sin den aerspás ach le haerspás a bhfuil tríú tír freagrach as. Ina leithéid sin de chás, eiseofar ráiteas comhlíontachta don trealamh BAT/SAL i gcomhréir le hAirteagal 6.

Airteagal 5

Dearbhú comhlíontachta dearaidh trealaimh BAT/SAL

1. Eiseofar dearbhú comhlíontachta dearaidh de réir mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn III don trealamh BAT/SAL seo a leanas nuair a ghineann, a fhaigheann agus a tharchuireann sé sonraí agus/nó comharthaí sa spás chun críche aerloingseoireacht shábháilte agus idir-inoibritheach a áirithiú:

(a) trealamh a thacaíonn le cumarsáid talamh go talamh;

(b) trealamh a thacaíonn le loingseoireacht agus/nó le faireachas.

2. Is eagraíochtaí a bhfuil baint acu le dearadh agus/nó táirgeadh trealaimh BAT/SAL agus atá ceadaithe de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 a eiseoidh dearbhuithe comhlíontachta dearaidh.

3. Eiseofar dearbhuithe comhlíontachta dearaidh trealaimh BAT/SAL le haghaidh tréimhse neamhtheoranta. Leanfaidh dearbhuithe de bheith bailí mura ndéantar iad a dhíchlárú i gcomhréir le pointe DPO.AR.C.015(g)(6) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 mar thoradh ar cheann de na nithe seo a leanas:

(a) níl na sonraíochtaí mionsonraithe trínarbh fhéidir a dearbhú a eisiúint á gcomhlíonadh ag an trealamh BAT/SAL a thuilleadh;

(b) níl ceanglais infheidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 á gcomhlíonadh ag eisitheoir an dearbhaithe níos mó nó tá a chead géillte, ar fionraí nó cúlghairthe;

(c) is léir go raibh an trealamh BAT/SAL faoi deara riosca do-ghlactha nó feidhmíocht seirbhíse atá do-ghlactha;

(d) tá an dearbhú comhlíontachta dearaidh aistarraingthe ag an eagraíocht.

4. De mhaolú ar mhír 1, ní cheanglófar dearbhú comhlíontachta dearaidh a eisiúint do threalamh BAT/SAL atá in úsáid díreach i gcuid theoranta d'aerspás lasmuigh de réigiún ICAO EUR ina bhfuil méid tráchta íseal, i gcás nach bhfuil teorainn ag an gcuid sin den aerspás ach le haerspás a bhfuil tríú tír freagrach as. Ina leithéid sin de chás, eiseofar ráiteas comhlíontachta don trealamh BAT/SAL i gcomhréir le hAirteagal 6.

5. A mhéid a bhaineann le trealamh BAT/SAL chóras Bhreis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS), eiseoidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA), arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/696, an dearbhú comhlíontachta dearaidh atá leagtha amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, agus measfar gur eagraíocht í a bhfuil baint aici le dearadh agus/nó táirgeadh trealaimh EGNOS.

6. Ní bheidh pointí ATM/ANS.EQMT.DEC.005 ná ATM/ANS.EQMT.DEC.045 d'Iarscríbhinn III infheidhme maidir le EUSPA. Áiritheoidh EUSPA go dtabharfar rochtain don Ghníomhaireacht ar fhianaise ó na heintitis dhifriúla a bhfuil baint acu le dearadh agus táirgeadh trealaimh BAT/SAL an chórais EGNOS, chun cinneadh a dhéanamh maidir le comhlíonadh leanúnach na sonraíochtaí teicniúla infheidhme a úsáideadh nuair a bhí an dearbhú maidir le trealamh BAT/SAL á dhéanamh i gcomhréir le hIarscríbhinn III.

Airteagal 6

Ráiteas comhlíontachta

1. Eiseofar ráiteas comhlíontachta maidir leis an trealamh BAT/SAL seo a leanas:

(a) trealamh nach bhfuil faoi réir deimhniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 4 nó dearbhú comhlíontachta i gcomhréir le hAirteagal 5; agus

(b) a thacaíonn le seirbhísí aerthráchta, seirbhísí cumarsáide, loingseoireachta nó faireachais, bainistíocht aerspáis, bainistíocht sreafa aerthráchta, seirbhísí faisnéise aerloingseoireachta nó seirbhísí meitéareolaíocha.

Deimhneofar sa ráiteas comhlíontachta go bhfuil na sonraíochtaí mionsonraithe arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 76(3) de Rialachán (AE) 2018/1139 á gcomhlíonadh ag an trealamh BAT/SAL.

2. Is é an soláthraí BAT/SAL a chomhtháthaíonn an trealamh BAT/SAL sin ina chóras feidhmiúil, nó, arna iarraidh sin don soláthraí BAT/SAL, eagraíocht a bhfuil baint aici le dearadh agus/nó táirgeadh an trealaimh BAT/SAL sin agus atá ceadaithe i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769, a eiseoidh ráiteas comhlíontachta don trealamh BAT/SAL.

3. Eiseofar ráiteas comhlíontachta do threalamh BAT/SAL le haghaidh tréimhse neamhtheoranta. Beidh sé bailí mura mbeidh aon cheann de na rudaí seo a leanas infheidhme:

(a) níl na ceanglais riachtanacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII agus, más infheidhme, in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139 á gcomhlíonadh ag an trealamh BAT/SAL a thuilleadh,;

(b) níl ceanglais infheidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 á gcomhlíonadh ag an soláthraí BAT/SAL a thuilleadh nó ghéill sé an deimhniú a eisíodh i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373, nó tá an deimhniú ar fionraí nó cúlghairthe;

(c) tá an ráiteas comhlíontachta aistarraingthe ag an soláthraí BAT/SAL nó tá bearta forfheidhmithe curtha i gcrích i gcomhréir le pointe ATM/ANS.AR.C.050(e) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373.

Airteagal 7

Forálacha idirthréimhseacha

1. Beidh feidhm leis na forálacha idirthréimhseacha seo a leanas i ndáil le trealamh BAT/SAL a bhfuil dearbhuithe CE aige a eisíodh i gcomhréir le hAirteagail 5 nó 6 de Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus a cuireadh i mbun oibríochta roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo:

(a) Glacfar leis, maidir le trealamh BAT/SAL laistigh de chatagóir an trealaimh BAT/SAL a cheanglaítear a dheimhniú i gcomhréir le hAirteagal 4, go bhfuil deimhniú eisithe ina leith i gcomhréir le hAirteagal 4 mura gcinneann an Ghníomhaireacht, tar éis na meastóireachta dá dtagraítear i mír 2, nach n-áirithíonn a leithéid de threalamh BAT/SAL leibhéal sábháilteachta, slándála, feidhmíochta agus idir-inoibritheachta atá comhionann leis an leibhéal a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis an Rialachán seo;

(b) Glactar leis, maidir le trealamh BAT/SAL laistigh de chatagóir an trealaimh BAT/SAL a cheanglaítear a dheimhniú i gcomhréir le hAirteagal 5, go mbeidh dearbhú comhlíontachta dearaidh eisithe ina leith i gcomhréir le hAirteagal 5 mura gcinneann an Ghníomhaireacht, i ndiaidh na meastóireachta dá dtagraítear i mír 2, nach n-áirithíonn a leithéid de threalamh BAT/SAL leibhéal sábháilteachta, slándála, feidhmíochta agus idir-inoibritheachta atá comhionann leis an leibhéal a cheanglaíonn Rialachán (AE) 2018/1139 agus an Rialachán seo;

(c) a mhéid a bhaineann le trealamh BAT/SAL atá faoi réir ráiteas comhlíontachta de réir Airteagal 6, leanfaidh na dearbhuithe CE maidir le fíorú córas atá eisithe nó aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 de bheith bailí le haghaidh tréimhse neamhtheoranta agus glacfar leis go bhfuil ráiteas comhlíontachta eisithe ina leith de bhun Airteagal 6.

2. Déanfaidh an Ghníomhaireacht meastóireacht ar an trealamh BAT/SAL dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), laistigh de 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus foilseofar torthaí na meastóireachta sin. Chuige sin, cuirfidh na húdaráis inniúla atá freagrach as deimhniúchán na soláthraithe BAT/SAL dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 agus as an maoirseacht orthu an fhaisnéis ábhartha ar fáil chun an mheastóireacht sin a éascú. Is é cuspóir na meastóireachta sin cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an n-áirithíonn nó nach n-áirithíonn an trealamh ábhartha BAT/SAL leibhéal sábháilteachta, slándála, feidhmíochta agus idir-inoibritheacht atá comhionann leis an leibhéal a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis an Rialachán seo. Foilseofar toradh na meastóireachta sin agus cuirfear i bhfeidhm aon bheart chun an trealamh BAT/SAL a aithníodh i rith na meastóireachta tar éis 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, beag beann ar an dáta a ndearnadh an mheastóireacht, mura dtarraingítear aird sa mheastóireacht ar easnamh a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith aige ar shábháilteacht. I gcás ina mbraitear easnamh a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith aige, cuirfear aon bheart chun athrú a dhéanamh ar an trealamh BAT/SAL a nochtadh sa mheastóireacht i bhfeidhm láithreach. I ndiaidh 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, glacfar leis go bhfuil ceanglais an Rialacháin seo á gcomhlíonadh ag an trealamh BAT/SAL dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) go (b).

3. Féadfar trealamh BAT/SAL atá faoi réir deimhniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 4 nó dearbhú i gcomhréir le hAirteagal 5 a chur i bhfeidhm ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí an 12 Mheán Fómhair 2028 ar bhonn ráiteas comhlíontachta arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 6. Amhail ón 13 Mheán Fómhair 2028, beidh feidhm leis na forálacha seo a leanas i ndáil le haon trealamh BAT/SAL dá leithéid:

(a) Glacfar leis, maidir le trealamh BAT/SAL laistigh de chatagóir an trealaimh BAT/SAL a cheanglaítear a dheimhniú i gcomhréir le hAirteagal 4 agus ar eisigh an soláthraí BAT/SAL ráiteas comhlíontachta ina leith, gur eisíodh teastas dó i gcomhréir le hAirteagal 4 mura gcinneann an Ghníomhaireacht, i ndiaidh na meastóireachta dá dtagraítear i mír 4, nach n-áirithítear leis an trealamh BAT/SAL sin leibhéal sábháilteachta, slándála, feidhmíochta agus idir-inoibritheachta atá coibhéiseach leis an leibhéal a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis an Rialachán seo;

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le hidir-inoibritheacht an Líonra Eorpaigh um Bainistíocht Aerthrácht (IO L 96, 31.3.2004, lch. 26).

(b) Glacfar leis, maidir le trealamh BAT/SAL laistigh de chatagóir an trealaimh BAT/SAL a cheanglaítear dearbhú comhlíontachta dearaidh i gcomhréir le hAirteagal 5 ina leith, agus ar eisigh an soláthraí BAT/SAL dearbhú comhlíontachta ina leith, go bhfuil dearbhú comhlíontachta dearaidh eisithe i gcomhréir le hAirteagal 5 ina leith mura gcinneann an Ghníomhaireacht, i ndiaidh na meastóireachta dá dtagraítear i mír 4, nach n-áirítear leis an trealamh BAT/SAL leibhéal sábháilteachta, slándála, feidhmíochta agus idir-inoibritheachta atá coibhéiseach leis an leibhéal a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis an Rialachán seo.

4. Déanfaidh an Ghníomhaireacht meastóireacht ar an trealamh BAT/SAL dá dtagraítear i mír 3 tráth nach déanaí ná an 12 Mheán Fómhair 2030. Chuige sin, cuirfidh na húdaráis inniúla atá freagrach as deimhniúchán na soláthraithe BAT/SAL dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 agus as an maoirseacht orthu an fhaisnéis ábhartha ar fáil chun an mheastóireacht sin a éascú. Is é cuspóir na meastóireachta sin cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an trealamh ábhartha BAT/SAL leibhéal sábháilteachta, slándála, feidhmíochta agus idir-inoibritheachta atá coibhéiseach leis an leibhéal a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis an Rialachán seo.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

CEANGLAIS DON GHNÍOMHAIREACHT

(Cuid-ATM/ANS.EQMT.AR)

FOCHUID A

CEANGLAIS GHINEARÁLTA (ATM/ANS.EQMT.AR.A)

ATM/ANS.EQMT.AR.A.001 Raon feidhme

Bunaítear leis an Iarscríbhinn seo na ceanglais don Ghníomhaireacht maidir leis na coinníollacha a bhaineann le deimhniúchán agus gníomhaíochtaí eile a reáchtáil atá riachtanach chun maoirseacht éifeachtach ar threalamh BAT/SAL a áirithiú mar aon leis na coinníollacha agus nósanna imeachta a úsáideann an Ghníomhaireacht chun eintitis cháilithe a chreidiúnú.

ATM/ANS.EQMT.AR.A.020 Cúraimí a shannadh d'eintitis cháilithe

(a) Nuair a chinneann an Ghníomhaireacht cúraimí a bhaineann le deimhniúchán trealaimh BAT/SAL atá faoi réir an Rialacháin seo, le ceadú eagraíochtaí atá faoi réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 a shannadh d'eintitis cháilithe, áiritheoidh sé go mbeidh comhaontú leis an eintiteas cáilithe nó leis na heintitis cháilithe bunaithe agus doiciméadaithe aige, agus é formheasta ag an dá pháirtí sa chomhaontú sin ar an leibhéal bainistíochta iomchuí, ina sainítear go soiléir:

(1) na cúraimí atá le comhlíonadh;

(2) na dearbhuithe, na tuarascálacha agus na taifid atá le soláthar;

(3) na coinníollacha teicniúla is gá a chomhlíonadh agus na cúraimí sin á ndéanamh;

(4) an cumhdach i leith dliteanas a bhaineann le hábhar;

(5) an chosaint a thugtar don fhaisnéis a fhaightear agus na cúraimí sin á ndéanamh.

(b) Áiritheoidh an Ghníomhaireacht go gcumhdóidh an próiseas iniúchta inmheánaigh agus an próiseas bainistíochta riosca sábháilteachta a cheanglaítear le pointe DPO.AR.B.001 (a)(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 na cúraimí ar fad atá á ndéanamh thar a ceann ag an eintiteas cáilithe/ag na heintitis cháilithe.

(c) Maidir le formheas chomhlíonadh phointe DPO.OR.B.001 (d) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 ag an eagraíocht agus leis an maoirseacht ar an gcomhlíonadh sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht cúraimí a shannadh d'eintitis cháilithe i gcomhréir le pointe (a), nó d'aon údarás ábhartha atá freagrach as slándáil faisnéise nó cibearshlándáil laistigh den Aontas. Nuair a bhíonn cúraimí á sannadh, áiritheoidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

(1) go ndéanfaidh an t-eintiteas cáilithe nó an t-údarás ábhartha gach gné a bhaineann le sábháilteacht na heitlíochta a chomhordú agus a chur san áireamh;

(2) go ndéanfar torthaí na ngníomhaíochtaí ceadaithe agus maoirseachta arna gcomhlíonadh ag an eintiteas cáilithe nó ag an údarás ábhartha a chomhtháthú i gcomhaid fhoriomlána deimhniúcháin agus maoirseachta na heagraíochta;

(3) go gcumhdaíonn a chóras bainistíochta slándála faisnéise féin arna bhunú i gcomhréir le pointe DPO.AR.B.001 (d) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 gach cúram deimhniúcháin agus maoirseachta leanúnach a dhéantar thar a ceann.

ATM/ANS.EQMT.AR.A.030 Treoracha maidir le trealaimh BAT/SAL

(a) Eiseoidh an Ghníomhaireacht treoir maidir le trealamh BAT/SAL sna cásanna seo a leanas:

(1) nuair atá cinneadh déanta ag an nGníomhaireacht gur ann do staid neamhsháibháilte, tearcfheidhmíochta nó neamh-idir-inoibritheachta sa trealamh mar thoradh ar easnamh sa trealamh; agus

(2) nuair is dócha go bhfuil an staid sin ann nó go dtarlóidh sé i dtrealamh BAT/SAL eile.

(b) Beidh an fhaisnéis seo ar a laghad le fáil i dtreoir maidir le trealamh BAT/SAL:

(1) sainaithint na staide neamhshábháilte, neamhshláine, tearcfheidhmíochta nó neamh-idir-inoibritheachta;

(2) an trealamh BAT/SAL lena mbaineann;

(3) an ghníomhaíocht/na gníomhaíochtaí a cheanglaítear a ndéanamh agus an réasúnaíocht;

(4) an méid ama a theastaíonn chun an ghníomhaíocht/na gníomhaíochtaí a cheanglaítear a ndéanamh;

(5) an dáta teacht i bhfeidhm.

ATM/ANS.EQMT.AR.A.035 Sonraíochtaí mionsonraithe le haghaidh comhlíontacht dearaidh an trealaimh

(a) Bunóidh agus soláthróidh an Ghníomhaireacht sonraíochtaí mionsonraithe ar féidir le heagraíochtaí iad a úsáid chun a léiriú go bhfuil na ceanglais fíor-riachtanacha ábhartha atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII agus, más infheidhme, in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139 á gcomhlíonadh nuair a dhéanann siad an méid seo a leanas:

(1) iarratas ar dheimhniúchán trealaimh BAT/SAL i gcomhréir le hAirteagal 4;

(2) dearbhú a thabhairt maidir le comhlíontacht dearaidh trealaimh BAT/SAL i gcomhréir le hAirteagal 5;

(3) ráiteas comhlíontachta i gcomhréir le hAirteagal 6 a dhéanamh.

(b) Léireofar sna sonraíochtaí mionsonraithe dá dtagraítear i bpointe (a) caighdeáin dearaidh lena léirítear an úrscothacht agus dea-chleachtais dearaidh, agus a chuireann leis an taithí luachmhar atá faighte agus leis an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, agus leis an bhfianaise agus leis an anailís is fearr atá ar fáil maidir le trealamh BAT/SAL.

FOCHUID B DEIMHNIÚCHÁN, MAOIRSEACHT AGUS FORFHEIDHMIÚ

(ATM/ANS.EQMT.AR.B)

ATM/ANS.EQMT.AR.B.001 Bonn deimhniúcháin le haghaidh trealamh ATM/ANS

(a) Bunóidh an Ghníomhaireacht bonn deimhniúcháin le haghaidh trealaimh BAT/SAL agus tabharfar fógra faoi don iarrthóir ar dheimhniú trealaimh BAT/SAL. Seo a leanas a bheidh mar bhonn leis an deimhniúchán:

(1) sonraíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.AR.A.035 atá infheidhme maidir leis an trealamh BAT/SAL ar an dáta a dhéantar an t-iarratas ar an deimhniú sin, mura bhfuil an méid seo a leanas le cur san áireamh:

(i) roghnaíonn an t-iarrthóir pointe ATM/ANS.EQMT.CERT.015(e) a chomhlíonadh, nó ceanglaítear air a chomhlíonadh, le sonraíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe a tháinig i bhfeidhm tar éis dáta cur isteach an iarratais, agus sa chás sin áireoidh an Ghníomhaireacht i mbonn deimhniúcháin an trealaimh BAT/SAL aon sonraíochtaí deimhniúcháin eile atá gaolta go díreach; nó

(ii) glacann an Ghníomhaireacht le haon rogha mhalartach ar shonraíocht deimhniúcháin mionsonraithe nach féidir a chomhlíonadh, ar aimsíodh ina leith fachtóirí cúitimh a chuireann leibhéal coibhéiseach sábháilteachta ar fáil leis na sonraíochtaí deimhniúcháin infheidhme; agus

(2) aon choinníoll speisialta arna fhorordú ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.AR.B.005.

(b) Comhaontóidh an Ghníomhaireacht maidir leis an bhféidearthacht go bhféadfaí gnéithe, saintréithe nó feidhmeanna breise a chur san áireamh nach raibh san áireamh sa bhonn deimhniúcháin ar dtús.

ATM/ANS.EQMT.AR.B.005 Coinníollacha speisialta

(a) Bunóidh an Ghníomhaireacht ceanglais bhreise, ar a dtugtar 'coinníollacha speisialta', do threalamh BAT/SAL má mheastar nach bhfuil na sonraíochtaí mionsonraithe infheidhme gaolmhara leormhaith mar gheall ar cheann amháin de na cúiseanna seo a leanas:

(1) tá gnéithe dearaidh núíosacha nó neamhghnácha ag an trealamh BAT/SAL maidir leis na cleachtais dearaidh ar a bhfuil na sonraíochtaí mionsonraithe infheidhme bunaithe;

(2) tá úsáid bheartaithe an trealaimh BAT/SAL neamhghnách;

(3) léirigh taithí ar threalamh comhchosúil BAT/SAL eile i seirbhís a bhfuil gnéithe dearaidh comhchosúla nó rioscaí nua-aitheanta acu go bhféadfadh staideanna neamh-inmhianaithe teacht chun cinn;

(4) coisceann an timpeallacht ag suíomh na suiteála ceanglais áirithe a bhaineann leis na sonraíochtaí mionsonraithe infheidhme a chomhlíonadh go fisiciúil.

(b) D'fhéadfaí go n-áireofaí i gcoinníollacha speisialta caighdeáin sábháilteachta, feidhmíochta, slándála agus idir-inoibritheachta a shíleann an Ghníomhaireacht atá riachtanach chun leibhéal oiriúnach d'fheidhmíocht trealaimh BAT/SAL a chinntiú atá coibhéiseach leis an leibhéal a cheanglaítear sna sonraíochtaí mionsonraithe infheidhme.

ATM/ANS.EQMT.AR.B.010 Leibhéal rannpháirtíochta

(a) Déanfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh maidir lena leibhéal rannpháirtíochta i bhfíorú na ngníomhaíochtaí agus na sonraí léirithe comhlíontachta a bhaineann le hiarratas ar dheimhniú a eisiúint nó ar athruithe air. Déanfar an cinneadh sin ar bhonn measúnú ar ghrúpaí suibiachtúla de ghníomhaíochtaí agus sonraí léirithe comhlíontachta ón gclár deimhniúcháin.

Tabharfar aghaidh sa mheasúnú ar na nithe seo uile:

(1) an seans go n-aimseofar neamh-chomhlíontacht gan aithint leis an mbonn deimhniúcháin;

(2) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an neamhchomhlíontacht sin ar shábháilteacht, slándáil, sonraíochtaí seirbhíse agus feidhmiú trealaimh BAT/SAL.

Breathnófar na gnéithe a leanas ar a laghad:

(i) gnéithe núíosacha nó neamhghnácha an tionscadail deimhniúcháin, lena n-áirítear gnéithe oibríochtúla, eagraíochtúla agus bainistíochta eolais;

(ii) castacht an dearaidh agus/nó fianaise ar an gcomhlíontacht;

(iii) criticiúlacht an dearaidh nó na teicneolaíochta, na rioscaí gaolmhara sábháilteachta, slándála nó comhlíonta seirbhíse agus feidhmiú an trealaimh BAT/SAL, lena n-áirítear iad siúd atá sainaitheanta i gcásanna dearaí comhchosúla;

(iv) feidhmíocht agus taithí an iarrthóra san fhearann lena mbaineann.

(b) Tabharfaidh an Ghníomhaireacht fógra maidir lena leibhéal rannpháirtíochta don iarrthóir agus roinnfidh sé eolas nuashonraithe leis maidir lena rannpháirtíocht nuair is gá bunaithe ar fhaisnéis a bhfuil tionchar suntasach aici ar an riosca a measadh roimhe seo i gcomhréir le pointe (a). Tabharfaidh an Ghníomhaireacht fógra don iarrthóir maidir le haon athrú ar an leibhéal rannpháirtíochta.

ATM/ANS.EQMT.AR.B.015 Deimhniú trealaimh BAT/SAL a eisiúint

(a) Eiseoidh an Ghníomhaireacht deimhniú do threalamh BAT/SAL, ar an gcoinníoll go mbeidh an méid seo a leanas déanta:

(1) léirigh an t-iarrthóir go bhfuil pointe ATM/ANS.EQMT.CERT.015 comhlíonta;

(2) níor aithin an Ghníomhaireacht aon neamhchomhlíonadh le bonn deimhniúcháin trealaimh BAT/SAL trí fhíorú na ngníomhaíochtaí léirithe comhlíontachta a cinneadh i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.AR.B.010;

(3) níl aon ghné nó saintréith aitheanta a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn lena chinneadh go bhfuil an trealamh neamhsháibháilte don úsáid atá beartaithe.

(b) Áireofar sa deimhniú trealaimh BAT/SAL na teorainneacha oibriúcháin, an bhileog sonraí d'oiriúnacht leanúnach, an bonn deimhniúcháin infheidhme le haghaidh trealamh BAT/SAL a úsáideann an Ghníomhaireacht chun an chomhlíontacht a thaifeadadh, agus aon choinníollacha nó teorainneacha eile atá forordaithe sna sonraíochtaí mionsonraithe agus coinníollacha speisialta infheidhme.

ATM/ANS.EQMT.AR.B.020 Imscrúdú maoirseachta tosaigh i ndáil le dearbhú maidir le comhlíontacht dearaidh trealaimh BAT/SAL

(a) I ndiaidh don Ghníomhaireacht dearbhú a fháil maidir le comhlíontacht dearaidh trealaimh BAT/SAL ó eagraíocht atá páirteach i ndearadh nó i dtáirgeadh trealaimh BAT/SAL agus atá ceadaithe ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769, fíoróidh an Ghníomhaireacht go bhfuil an méid seo a leanas comhlíonta:

(1) tá sé de phribhléid ar an dearbhóir comhlíontacht dearaidh a dhearbhú i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.DEC.005;

(2) cuimsítear sa dearbhú an fhaisnéis ar fad atá liostaithe i bpointe ATM/ANS.EQMT.DEC.010;

(3) ní chuimsítear sa dearbhú faisnéis a thugann neamhchomhlíontacht le ceanglais infheidhme Iarscríbhinn III le fios agus níl aon ghné nó saintréithe aitheanta a d'fhéadfadh a bheith ina mbonn le cinneadh go bhfuil an trealamh BAT/SAL neamhshábháilte don úsáid atá bheartaithe.

(b) Áireofar i ndeimhniú maidir le comhlíontacht dearaidh trealaimh BAT/SAL na teorainneacha oibriúcháin, an bhileog sonraí d'oiriúnacht leanúnach, na sonraíochtaí mionsonraithe infheidhme a d'úsáid an eagraíocht chun comhlíontacht a léiriú, agus aon choinníollacha nó teorainneacha eile atá forordaithe sna sonraíochtaí mionsonraithe agus coinníollacha speisialta infheidhme.

(c) Mura bhfuil an dearbhú comhsheasmhach le pribhléidí na heagraíochta nó má chuimsítear ann faisnéis a léiríonn neamhchomhlíontacht leis na sonraíochtaí mionsonraithe agus coinníollacha speisialta infheidhme, tabharfaidh an Ghníomhaireacht fógra don eagraíocht lena mbaineann maidir leis an neamhchomhlíontacht agus lorgófar tuilleadh faisnéise, gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus fianaise ina leith.

(d) Má chomhlíontar na ceanglais i bpointe (a) agus (b), admhóidh an Ghníomhaireacht go bhfuil an dearbhú faighte.

ATM/ANS.EQMT.AR.B.025 Dearbhú maidir le comhlíontacht dearaidh trealaimh BAT/SAL a chlárú

Cláróidh an Ghníomhaireacht dearbhú comhlíontachta dearaidh trealaimh BAT/SAL i mbunachar sonraí oiriúnach, ar choinníoll:

(a) gur dhearbhaigh an dearbhóir comhlíontacht dearaidh an trealaimh BAT/SAL i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.DEC.010;

(b) gur gheall an dearbhóir na oibleagáidí atá leagtha síos in Iarscríbhinn III a chomhlíonadh;

(c) níl aon saincheisteanna gan réiteach ann i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.AR.B.020.

ATM/ANS.EQMT.AR.B.030 Athruithe ar dhearbhuithe

(a) Nuair a fhaightear fógra maidir le hathruithe i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.DEC.020, fíoróidh an Ghníomhaireacht iomláine an fhógra i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.AR.B.020.

(b) I gcás ina ndéanfaidh an t-athrú/na hathruithe difear d'aon ghné den dearbhú atá cláraithe i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.AR.B.025, déanfaidh an Ghníomhaireacht an clár a thabhairt cothrom le dáta.

(c) Nuair a bheidh na gníomhaíochtaí a cheanglaítear le pointí (a) agus (b) curtha i gcrích, admhóidh an Ghníomhaireacht don eagraíocht ábhartha a bhfuil baint aici le dearadh nó táirgeadh trealaimh BAT/SAL go bhfuil an fógra faighte.

IARSCRÍBHINN II

DEIMHNIÚCHÁIN TREALAIMH BAT/SAL

(Cuid-ATM/ANS.EQMT.CERT)

ATM/ANS.EQMT.CERT.001 Raon feidhme

Bunaítear san Iarscríbhinn seo na nósanna imeachta a bhaineann le deimhnithe do threalamh BAT/SAL a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 4, agus cearta agus oibleagáidí an iarrthóra ar na ndeimhniúchán sin agus a sealbhóra.

ATM/ANS.EQMT.CERT.005 Raon feidhme

Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach a léirigh a c(h)umas dearaidh, nó atá i mbun a c(h)umas dearaidh a léiriú i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.CERT.010, iarratas a dhéanamh ar dheimhniúchán trealaimh BAT/SAL a eisiúint faoi na coinníollacha atá leagtha amach san Iarscríbhinn seo.

ATM/ANS.EQMT.CERT.010 Léiriú cumais

Beidh ceadú eagraíochta dearaidh eisithe ag an nGníomhaireacht de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 a chlúdaíonn an trealamh BAT/SAL faoi seach, i seilbh iarrthóir ar dheimhniú trealaimh BAT/SAL.

ATM/ANS.EQMT.CERT.015 Iarratas ar dheimhniú threalamh BAT/SAL a eisiúint

(a) Is i bhfoirm agus ar shlí a bhunóidh an Ghníomhaireacht a dhéanfar iarratas ar dheimhniú trealaimh BAT/SAL.

(b) Beidh an méid seo a leanas, ar a laghad, san áireamh in iarratas ar dheimhniú trealaimh BAT/SAL:

(1) réamhshonraí tuairisciúla a bhaineann le trealamh BAT/SAL agus a úsáid bheartaithe;

(2) clár deimhniúcháin chun comhlíontacht a léiriú i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.CERT.025, ina gcuimsítear an méid seo a leanas:

(i) cur síos mionsonraithe ar an dearadh, lena n-áirítear gach cumraíocht atá le deimhniú;

(ii) saintréithe agus teorainneacha trealaimh beartaithe;

(iii) úsáid bheartaithe an trealaimh BAT/SAL;

(iv) togra don bhonn deimhniúcháin tosaigh, lena n-áirítear sonraíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe infheidhme, coinníollacha speisialta atá beartaithe, tátail sábháilteachta choibhéiseacha atá beartaithe, mar aon le modhanna comhlíontachta atá beartaithe agus díorthaigh atá beartaithe, de réir mar is infheidhme, agus iad ullmhaithe de réir na gceanglas agus na roghanna atá leagtha amach i bpointe ATM/ANS.EQMT.AR.B.001;

(v) togra do mhiondealú an chláir deimhniúcháin i ngrúpaí suibiachtúla de ghníomhaíochtaí agus sonraí a léiríonn comhlíontacht, lena n-áirítear togra maidir le modhanna comhlíonta agus doiciméid ghaolmhara a léiríonn comhlíontacht;

(vi) togra chun measúnú a dhéanamh ar ghrúpaí suibiachtúla de ghníomhaíochtaí agus sonraí a léiríonn comhlíontacht, a dhíríonn ar an dóchúlacht go mbeidh neamhchomhlíonadh gan aithint leis na ceanglais atá bunaithe ar dheimhniúchán agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an neamhchomhlíonadh sin ar an trealamh BAT/SAL; cuirfear san áireamh sa mheasúnú beartaithe ar a laghad na gnéithe atá leagtha amach i bpointe (a)(2)(i) go dtí (iv) pointe ATM/ANS.EQMT.AR.B.010; bunaithe ar an measúnú seo, cuirfear san áireamh san iarratas togra le haghaidh leibhéal rannpháirtíochta na Gníomhaireachta i bhfíorú na ngníomhaíochtaí agus na sonraí a léiríonn comhlíontacht;

(vii) sceideal tionscadail lena n-áirítear na garspriocanna suntasacha.

(c) I ndiaidh an iarratais a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta den chéad uair, nuashonróidh an t-iarrthóir an clár deimhniúcháin má tá athruithe le cur i bhfeidhm ar an tionscadal deimhniúcháin a bhfuil tionchar acu ar aon phointe idir (b)(2)(i) agus (vii).

(d) Beidh iarratas chun deimhniú trealaimh BAT/SAL a eisiúint bailí le haghaidh 5 bliana mura léiríonn an t-iarrthóir tráth déanta an iarratais go dteastaíonn níos mó ama chun comhlíontacht a léiriú agus má chomhaontaíonn an Ghníomhaireacht síneadh a chur leis an tréimhse ama.

(e) Sa chás nach bhfuil deimhniú trealaimh BAT/SAL eisithe, nó más léir nach n-eiseofar a leithéid, laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear di i bpointe (d), féadfaidh an t-iarrthóir:

(1) iarratas nua a dhéanamh agus na ceanglais a chomhlíonadh a bhaineann le bonn deimhniúcháin, arna mbunú agus arna bhfógairt don Ghníomhaireacht i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.AR.B.001 don dáta chun an t-iarratas nua a chur isteach; nó

(2) iarratas a dhéanamh chun síneadh a chur leis an teorainn ama dá bhforáiltear i bpointe (d) agus dáta nua a mholadh chun an deimhniú a eisiúint; sa chás sin, comhlíonfaidh an t-iarrthóir na ceanglais a bhaineann le bonn deimhniúcháin arna mbunú agus arna bhfógairt don Ghníomhaireacht i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.AR.B.001 do dháta atá le roghnú ag an iarrthóir; ní bheidh an dáta sin níos mó ná 5 bliana roimh an dáta nua atá beartaithe ag an iarrthóir chun an deimhniú nua a eisiúint, áfach, i gcás iarratas ar dheimhniú trealaimh BAT/SAL a eisiúint.

ATM/ANS.EQMT.CERT.020 Athruithe a gceanglaítear deimhniú nua trealaimh BAT/SAL mar gheall orthu

Déanfaidh eagraíocht dearaidh cheadaithe a mholann athruithe ar threalamh BAT/SAL iarratas ar dheimhniú nua a eisiúint sa chás go bhfuil na hathruithe ar dhearadh nó ar fheidhmiúlacht an trealaimh BAT/SAL sin chomh suntasach sin go bhfuil gá le himscrúdú iomlán ar chun an bonn deimhniúcháin infheidhme a chomhlíonadh.

ATM/ANS.EQMT.CERT.025 Léiriú comhlíontachta leis an mbonn deimhniúcháin le haghaidh trealamh BAT/SAL

(a) Léireoidh iarrthóir, i ndiaidh don Ghníomhaireacht glacadh leis an gclár deimhniúcháin, go bhfuil an bonn deimhniúcháin le haghaidh trealamh BAT/SAL á chomhlíonadh mar atá bunaithe agus fógartha don iarrthóir ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.AR.B.001 agus cuirfidh sé na modhanna ar fáil don Ghníomhaireacht trínar léiríodh an chomhlíontacht.

(b) Nuashonróidh iarrthóir ar dheimhniú trealaimh BAT/SAL an clár deimhniúcháin leis an mbonn deimhniúcháin nuashonraithe i gcás ina n-aithníonn an Ghníomhaireacht gur gá go ndéanfaidh an t-iarrthóir a leithéid i ndiaidh an iarratais tosaigh a chur isteach bunaithe i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.CERT.015.

(c) Tuairisceoidh an t-iarrthóir don Ghníomhaireacht aon deacracht nó teagmhas a tharla i rith an phróisis léirithe comhlíontachta agus a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag a leithéid ar an measúnú faoi phointe ATM/ANS.EQMT.CERT.015(b)(2)(vi) nó ar an gclár deimhniúcháin nó a bhféadfadh athrú ar leibhéal rannpháirtíochta na Gníomhaireachta a fógraíodh don iarrthóir roimhe sin i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.AR.B.010(b) a bheith ag teastáil mar gheall air.

(d) Taifeadfaidh iarrthóir fianaise ar na doiciméid chomhlíonta a bheith á gcomhlíonadh dá dtagraítear dóibh sa chlár deimhniúcháin.

(e) I ndiaidh na ngníomhaíochtaí léirithe comhlíontachta a chur i gcrích de réir an chláir deimhniúcháin, lena n-áirítear aon chigireachtaí agus tástálacha a cuireadh i gcrích i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.CERT.040, dearbhóidh an t-iarrthóir agus cuirfidh sé/sí isteach, i bhfoirm agus ar shlí atá bunaithe ag an nGníomhaireacht:

(1) gur léirigh sé go bhfuil an bonn deimhniúcháin, mar atá bunaithe agus fógartha ag an nGníomhaireacht, comhlíonta de réir an chláir deimhniúcháin a bhfuil glactha ag an nGníomhaireacht leis i gcomhréir le pointe (a);

(2) níl aon ghné nó saintréith aitheanta a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn lena chinneadh go bhfuil an trealamh BAT/SAL mí-oiriúnach don úsáid bheartaithe.

(f) Léireoidh an t-iarrthóir nach ndéanann na gnéithe, saintréithe nó feidhmeanna ar cuid den bhonn deimhniúcháin iad cur isteach ar oiriúnacht an trealaimh BAT/SAL dá úsáid bheartaithe agus nach bhfuil éifeacht dhíobhálach acu uirthi.

ATM/ANS.EQMT.CERT.030 Modhanna comhlíontachta

(a) Forbróidh an Ghníomhaireacht modhanna inghlactha comhlíontachta ('AMC') a fhéadfar a úsáid chun an chomhlíontacht a shuí le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn sin.

(b) Féadfar modhanna malartacha comhlíonta a úsáid chun comhlíonadh an Rialacháin seo a bhunú.

ATM/ANS.EQMT.CERT.035 Dearadh trealaimh BAT/SAL

(a) Is é rud a bheidh sa dearadh trealaimh BAT/SAL:

(1) na líníochtaí agus na sonraíochtaí agus liostú de na líníochtaí agus sonraíochtaí sin, atá riachtanach chun an chumraíocht agus na gnéithe dearaidh a shainiú a thaispeántar go gcomhlíonann siad an bonn deimhniúcháin;

(2) faisnéis maidir le próisis agus modhanna monaraíochta agus cóimeála an trealaimh atá riachtanach chun comhréireacht an trealaimh BAT/SAL a chinntiú;

(3) rannóg maidir le teorainneacha ceadaithe na dtreoracha ar mhaithe le hoiriúnacht leanúnach mar atá sainithe ag na sonraíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe infheidhme;

(4) aon sonraí eile a cheadaíonn comparáid a dhéanamh leis an gcinneadh maidir le hoiriúnacht an dearaidh.

(b) Beidh gach dearadh aitheanta go cuí.

ATM/ANS.EQMT.CERT.040 Cigireacht agus tástáil

(a) Sula ndéantar gach tástáil nuair a bhíonn comhlíontacht á léiriú mar a cheanglaítear le pointe ATM/ANS.EQMT.CERT.025, beidh an méid seo a leanas fíoraithe ag an iarrthóir:

(1) chomh fada is a bhaineann leis an eiseamal tástála, go bhfuil:

(i) go bhfuil na sonraíochtaí don dearadh atá beartaithe á gcomhlíonadh ag na páirteanna, gnéithe, cumraíocht, códú agus próisis don dearadh beartaithe;

(ii) go bhfuil an dearadh beartaithe á chomhlíonadh ag an trealamh BAT/SAL atá forbartha;

(iii) go bhfuil na próisis déantúsaíochta, tógála agus cóimeála i gcomhréir go leordhóthanach leis na próisis atá sonraithe sa dearadh cineáil atá beartaithe; agus

(2) maidir leis an tástáil agus trealamh tomhais atá le húsáid don tástáil, go bhfuil siad leordhóthanach don tástáil agus calabraithe go cuí.

(b) Bunaithe ar na fíoruithe a rinneadh i gcomhréir le pointe (a), eiseoidh an t-iarrthóir ráiteas fíoraithe ar a liostófar aon neamh-chomhréireacht fhéideartha, mar aon le réasúnú maidir leis an gcúis nach mbeidh aon tionchar aige seo ar na torthaí tástála agus ceadóidh sé don Ghníomhaireacht aon chigireacht a mheasann sí atá riachtanach a dhéanamh chun bailíocht an ráitis sin a sheiceáil.

(c) Tabharfaidh an t-iarrthóir cead don Ghníomhaireacht an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) athbhreithniú a dhéanamh ar aon sonraí agus ar aon fhaisnéis a bhaineann leis an léiriú ar chomhlíonadh;

(2) aon tástáil nó cigireacht a fhianú nó a dhéanamh ar tástáil nó cigireachta í a dhéantar chun an chomhlíontacht a léiriú.

(d) Maidir leis na tástálacha agus cigireachtaí ar fad a fhianaíonn an Ghníomhaireacht:

(1) cuirfidh an t-iarrthóir ráiteas fíoraithe i gcomhréir le pointe (b) faoi bhráid na Gníomhaireachta;

(2) ní dhéanfar aon athrú a dhéanann difear do bhailíocht an ráitis fíoraithe ar an eiseamal tástála ná ar an trealamh tástála agus tomhais idir an tráth a eisítear an ráiteas fíoraithe dá bhforáiltear i bpointe (b) agus an tráth a thugtar an t-eiseamal tástála don Ghníomhaireacht lena thástáil nó a fhianaíonn an Ghníomhaireacht é chuige sin.

ATM/ANS.EQMT.CERT.045 Coimeád taifead

Le cois na gceanglas a bhaineann le coimeád taifead atá oiriúnach do nó a bhaineann leis an gcóras bainistíochta, cuirfidh sealbhóir an dearaidh an fhaisnéis dearaidh, líníochtaí agus tuarascálacha tástálacha ábhartha ar fad ar fáil, lena n-áirítear taifid chigireachta agus tástálacha taifeadta, don Ghníomhaireacht agus coimeádfar a leithéid chun an fhaisnéis riachtanach chun comhlíontacht leanúnach a chinntiú ar fáil.

ATM/ANS.EQMT.CERT.050 Lámhleabhair

Táirgfidh, coimeádfaidh agus nuashonróidh sealbhóir deimhnithe trealaimh BAT/SAL máistirchóipeanna de gach lámhleabhar atá riachtanach bunaithe ar an mbonn deimhniúcháin infheidhme, agus soláthróidh sé cóipeanna don Ghníomhaireacht arna iarraidh sin di.

ATM/ANS.EQMT.CERT.055 Treoracha cothabhála

(a) Tabharfaidh sealbhóir deimhnithe trealaimh BAT/SAL tacar iomlán treoracha cothabhála amháin ar a laghad, ina bhfuil sonraí tuairisciúla agus treoracha gnóthachtála arna n-ullmhú de réir an bhoinn deimhniúcháin infheidhme, do gach úsáideoir aitheanta agus cuirfidh sé ar fáil iad arna iarraidh sin d'aon duine eile a gceanglaítear air/uirthi aon cheann de na treoracha cothabhála sin a chomhlíonadh.

(b) Roinnfear eolas maidir le hathruithe ar threoracha cothabhála le gach úsáideoir aitheanta agus cuirfear a leithéid ar fáil ar iarratas d'aon duine a cheanglaítear air/uirthi aon cheann de na treoracha cothabhála sin a chomhlíonadh. Cuirtear clár ina dtaispeántar conas a dhéantar athruithe ar na treoracha cothabhála ar fáil do gach úsáideoir aitheanta faoi bhráid na Gníomhaireachta.

ATM/ANS.EQMT.CERT.060 Athruithe ar an mbonn deimhniúcháin le haghaidh trealamh ATM/ANS

(a) Ceadóidh an Ghníomhaireacht gach athrú nuair a léiríonn sealbhóir an deimhnithe go bhfuil an bonn deimhniúcháin arna bhunú ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.AR.B.001 á chomhlíonadh ag na hathruithe, agus ag na réimsí a ndéanann na hathruithe difear dóibh.

(b) De mhaolú ar phointe (a), beidh na hathruithe laistigh de raon feidhme phribhléidí na heagraíochta, ag teacht le nós imeachta bainistíochta athraithe ceadaithe, á mbainistiú ag an eagraíocht dearaidh cheadaithe agus beidh siad teoranta do chumraíocht shonrach/do chumraíochtaí sonracha ar threalamh BAT/SAL lena mbaineann na hathruithe.

(c) Chun na críche sin, beidh córas ar bun ag sealbhóir an deimhnithe trealaimh BAT/SAL chun raon feidhme na n-athruithe ar threalamh BAT/SAL a aithint mar 'mhionathrú' nó mar 'mórathrú'.

(d) Eiseofar na hathruithe le ráiteas i gcomhréir le pointe (b)(2) de phointe DPO.OR.C.001 d'Iarscríbhinn II (Part-DPO.OR) a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769.

ATM/ANS.EQMT.CERT.065 Treoracha maidir le trealaimh BAT/SAL

Sa chás go n-eisítear treoir maidir le trealamh BAT/SAL chun an coinníoll dá dtagraítear dó i bpointe (b) de ATM/ANS.EQMT.AR.A.030 a cheartú, déanfaidh sealbhóir deimhnithe trealaimh BAT/SAL, mura gcinneann an Ghníomhaireacht a mhalairt i gcás ina bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach, an méid seo a leanas:

(a) gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí a mholadh agus sonraí a chur ar fáil maidir leis an togra sin don Ghníomhaireacht lena fhormheas;

(b) i ndiaidh don Ghníomhaireacht é a fhormheas, sonraí tuairisciúla agus treoracha gnóthachtála oiriúnacha a chur ar fáil do gach úsáideoir aitheanta trealaimh BAT/SAL agus don na húdaráis inniúla lena mbaineann, agus más cuí agus ar iarratas, d'aon duine a gceanglaítear air an treoir maidir le trealamh BAT/SAL a chomhlíonadh.

ATM/ANS.EQMT.CERT.070 Cigireachtaí a dhéanann an Ghníomhaireacht

Ar iarratas ón nGníomhaireacht, déanfaidh gach eagraíocht a bhfuil deimhniú aici atá eisithe ag an nGníomhaireacht faoin Iarscríbhinn seo an méid seo a leanas:

(a) rochtain a thabhairt don Ghníomhaireacht ar aon saoráid, trealamh, doiciméad, taifead, sonraí, próiseas, nós imeachta nó aon ábhar eile, agus cead a thabhairt don Ghníomhaireacht athbhreithniú a dhéanamh ar aon tuarascáil, aon chigireacht a dhéanamh agus aon tástáil atá riachtanach chun a fhíorú go bhfuil ceanglais infheidhme na hIarscríbhinne seo á gcomhlíonadh ag an eagraíocht;

(b) má fhostaíonn an duine nádúrtha nó dlítheanach comhpháirtithe, soláthróirí nó fochonraitheoirí, socruithe a dhéanamh leo chun a áirithiú go bhfuil rochtain ag an nGníomhaireacht orthu agus gur féidir leis imscrúdú a dhéanamh mar a thuairiscítear i bpointe (a).

IARSCRÍBHINN III

DEARBHÚ COMHLÍONTACHTA DEARAIDH AN TREALAIMH BAT/SAL

(Cuid-ATM/ANS.EQMT.DEC)

ATM/ANS.EQMT.DEC.001 Raon feidhme

Bunaítear san Iarscríbhinn seo na nósanna imeacht chun a dhearbhú go bhfuil dearadh trealaimh BAT/SAL á chomhlíonadh, agus bunaítear cearta agus oibleagáidí na n-eagraíochtaí a bhfuil baint acu le dearadh trealaimh BAT/SAL atá údaraithe chun dearbhuithe a eisiúint.

ATM/ANS.EQMT.DEC.005 Incháilitheacht agus léiriú comhlíontachta

Léireoidh eagraíocht a bhfuil baint aici le dearadh trealaimh BAT/SAL a cumas a dhearbhú go bhfuil dearadh trealaimh BAT/SAL áirithe comhlíontach trí chead eagraíochta a shealbhú a bheidh eisithe ag an nGníomhaireacht de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769, mar atá sonraithe i dtéarmaí ceadaithe na heagraíochta.

ATM/ANS.EQMT.DEC.010 Dearbhú comhlíontachta dearaidh an trealaimh BAT/SAL

Cuirfidh eagraíocht cheadaithe dearbhú dátaithe agus sínithe maidir le comhlíonadh dearaidh trealaimh BAT/SAL áirithe ar fáil. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa dearbhú:

(a) cur síos ar an dearadh, lena n-áirítear gach cumraíocht;

(b) feidhmíocht rátáilte an trealaimh, más cuí, go díreach nó trí thagairt do dhoiciméid fhorlíontacha eile;

(c) ráiteas comhlíonta lena ndeimhnítear go bhfuil na sonraíochtaí infheidhme á gcomhlíonadh ag an trealamh, agus liosta de na sonraíochtaí dearbhaithe agus coinníollacha speisialta, de réir mar is infheidhme;

(d) tagairt d'fhianaise thacaíochta ábhartha, lena n-áirítear tuarascálacha tástála;

(e) tagairt do na lámhleabhair oibríochta, bhunaithe agus chothabhála oiriúnacha;

(f) na leibhéil chomhlíonta, sa chás go gceadaítear leibhéil chomhlíonta éagsúla na sonraíochtaí dearbhaithe;

(g) liosta claonta, de réir mar is cuí.

ATM/ANS.EQMT.DEC.015 Modhanna comhlíontachta

(a) Forbróidh an Ghníomhaireacht modhanna inghlactha comhlíontachta ('AMC') a fhéadfar a úsáid chun an chomhlíontacht a shuí le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn sin.

(b) Féadfar modhanna malartacha comhlíonta a úsáid chun comhlíonadh an Rialacháin seo a bhunú.

ATM/ANS.EQMT.DEC.020 Athruithe ar dhearbhú dhearadh an trealaimh ATM/ANS

(a) Déanfaidh eagraíocht cheadaithe atá páirteach i ndearadh trealaimh BAT/SAL athruithe ar an dearadh atá laistigh de raon feidhme phribhléidí na heagraíochta ceadaithe. Sa chás seo, coimeádfaidh an trealamh athraithe a pháirtuimhir bhunaidh.

(b) Ceanglóidh aon athrú ar an dearadh atá laistigh de raon feidhme phribhléidí na heagraíochta ceadaithe agus atá sách suntasach chun imscrúdú iomlán a cheangal i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.AR.B.020 chun cinneadh maidir le comhlíontacht a dhéanamh go mbeidh ainmniúchán samhla nua á shannadh don trealamh.

ATM/ANS.EQMT.DEC.025 Coimeád taifead

Le cois na gceanglas a bhaineann le coimeád taifead atá oiriúnach do nó a bhaineann leis an gcóras bainistíochta, cuirfear gach faisnéis dearaidh, líníochtaí agus tuarascálacha tástálacha ábhartha ar fáil, lena n-áirítear taifid chigireachta don trealamh tástáilte, don Ghníomhaireacht agus coimeádfar a leithéid chun an fhaisnéis riachtanach chun comhlíontacht leanúnach leis na trealamh BAT/SAL a chinntiú.

ATM/ANS.EQMT.DEC.030 Lámhleabhair

Táirgfidh, coimeádfaidh agus nuashonróidh an eagraíocht a bhfuil baint aici le dearadh trealaimh BAT/SAL, a rinne an dearbhú, máistirchóipeanna de gach lámhleabhar aitheanta sa dearbhú, agus soláthróidh sí cóipeanna, ar iarratas, don Ghníomhaireacht.

ATM/ANS.EQMT.DEC.035 Treoracha cothabhála

(a) Tabharfaidh an eagraíocht dearaidh a rinneadh an dearbhú tacar iomlán treoracha cothabhála amháin ar a laghad, ina bhfuil sonraí tuairisciúla agus treoracha gnóthachtála ullmhaithe de réir na sonraíochtaí atá infheidhme don trealamh BAT/SAL atá clúdaithe ag an dearbhú, do gach úsáideoir aitheanta agus cuirfear a leithéid ar fáil dóibh ar iarratas d'aon duine eile a cheanglaítear air/uirthi aon cheann de na treoracha cothabhála sin a chomhlíonadh.

(b) Roinnfear eolas maidir le hathruithe ar threoracha cothabhála le gach úsáideoir aitheanta agus cuirfear a leithéid ar fáil ar iarratas d'aon duine a cheanglaítear air/uirthi aon cheann de na treoracha cothabhála sin a chomhlíonadh. Cuirtear clár ina dtaispeántar conas a dhéantar athruithe ar na treoracha cothabhála ar fáil do gach úsáideoir aitheanta faoi bhráid na Gníomhaireachta ar iarratas.

ATM/ANS.EQMT.DEC.040 Treoracha maidir le trealaimh BAT/SAL

Sa chás go n-eisítear treoir maidir le trealamh BAT/SAL chun an coinníoll dá dtagraítear dó i bpointe (b) de ATM/ANS.EQMT.AR.A.030 a cheartú, déanfaidh dearbhóir chomhlíonadh dearaidh an trealaimh BAT/SAL, mura gcinneann an Ghníomhaireacht ar shlí eile sa chás go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach:

(a) gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí a mholadh agus sonraí a chur ar fáil maidir leis an togra sin don Ghníomhaireacht lena fhormheas;

(b) i ndiaidh don Ghníomhaireacht a leithéid a cheadú, sonraí tuairisciúla agus treoracha gnóthachtála oiriúnacha a chur ar fáil do gach úsáideoir aitheanta an trealaimh agus do na húdaráis inniúla lena mbaineann, agus, ar iarratas, d'aon duine a cheanglaítear air/uirthi an treoir maidir le trealamh BAT/SAL a chomhlíonadh.

ATM/ANS.EQMT.DEC.045 Cigireachtaí a dhéanann an Ghníomhaireacht

Ar iarratas ón nGníomhaireacht, déanfaidh gach eagraíocht atá údaraithe chun dearbhú a eisiúint de réir an Rialacháin seo an méid seo a leanas:

(a) rochtain a thabhairt don Ghníomhaireacht ar aon saoráid, trealamh, doiciméad, taifead, sonraí, próiseas, nós imeachta nó aon ábhar eile, agus cead a thabhairt don Ghníomhaireacht athbhreithniú a dhéanamh ar aon tuarascáil, aon chigireacht a dhéanamh agus aon tástáil atá riachtanach chun a fhíorú go bhfuil ceanglais infheidhme na hIarscríbhinne seo á gcomhlíonadh, agus á gcomhlíonadh go leanúnach, ag an eagraíocht;

(b) má úsáideann an duine nádúrtha nó dlítheanach comhpháirtithe, soláthróirí nó fochonraitheoirí, socruithe a dhéanamh leo chun a áirithiú go bhfuil rochtain ag an nGníomhaireacht orthu agus gur féidir leis imscrúdú a dhéanamh mar a thuairiscítear i bpointe (a).